

Ceana Aodha an fhabhra mhoill

[Mac Airt, Seán, *Leabhar Branach*, Dublin, 1944, poem 18]

Fear gan Ainm Mhac Eochadha

1 Ceana Aodha an fhabhra mhoill,  
barr bróin ar n-éirghe oroinn  
ar mbéin fá chuimhne na gcean;  
ní duilghe céim dá chaoineadh.

2 Don Inbhior Mór, fá lia a lín,  
do bhean is do Bhaile an Ráithín  
ceana troma fár thúir blad;h;  
ar n-úidh orra ní hiongnadh.

3 D'éimdhigh a ghabháil mar ghiall  
mac Philip dárbh ainm Uilliam;  
feidhm faire ní fhaicim air,  
Baile an Aitinn do fholmhuigh.

4 Baile Í Mheannáin gan dul dín,  
Cuiliontrach, Caithir Phainín;  
lá do-chuaidh fá Chill Treisgne,  
lér ling uainn dob aithriste.

5 Baile mór Mhuircheartaigh Léith,  
dob é so an siobhal neimhthréith;  
fiú a chion ón Bhuaile Bhuidhe  
gan cion uaidhe ar aoghaire.

6 Baile Dháibhídh ar dóth cruaidh  
a ngleanna ó uaithne an égnuigh;  
fiú a raibhe d'ardbhlaidh air  
im arguin Bhaile an Bhiolair.

7 Tuar teasda táinig do ghoin  
Niocoláis Fhinn do Hóraidh;  
ní sealg nárbh adhbhar antnúidh  
sealg fhaghladh í Fhogharthúin.

8 Deimhin marbhtha Maithias Bhric  
meic Seóin dob eachtra oirdhric;  
a-tá uain in gach éineing,  
lá do bhuail fá Bheigéirinn.

9 Ros Garlonn [is cian ro-chlos]  
do lomair sé go Seanros;  
a slonnadh a-nois ní nár,

ré [a] gcois do lomadh Leacán.

10 Cumhuin linn an lá do chreach  
Baile Í Chíog, céim áirmheach;  
Cill Áine Duibhe fá dheóidh,  
na hÁile as tuile troimleóin.

11 Ráith Thuirtín ní dheachaidh de,  
Cúirt Óil is Cúirt na Cuide;  
fán mBadhún Nuaidh le neart slóigh  
do-chuaidh lé teacht a ttionóil.

12 Art Mhac Gearailt [níor ghníomh réidh]  
marbhthur leis, cuid dá chaithréim;  
Cloch Ámuinn uaidh dob fholamh,  
ámhuill fá n-uair adhmoladh.

13 Baile an Túrnór [tuar bladha],  
ó Aodh dob fhiú a easbhadha;  
cloch fár chomhdhoirt an fhánaidh,  
Cloch ordhoirc an Ógánuigh.

14 An Bóthar Dubh luaitear linn,  
do hairgeadh leis is Liaithinn;  
go ttarla dhó láimh an lín  
níor dháigh a gcló ón Chluainín.

15 Cuairt fán mBaile Tharsna tug,  
ní hoirchios dúin a dhearmad,  
a gceann gach énfhuinn oile  
Ceall Émainn 's an Urnaidhe.

16 Cill Mo-lapóg 's Cill an Chnuic,  
dlighim cuimhne a gcreach n-ordhruic,  
an sluagh rug fá Ras Brannuibh,  
a ttug as do íocamair.

17 Siad d'argain níorbh fhachain sídh,  
Cill Tégra agus an Druimín;  
Baile an Mhuilinn, Ceall Chuma,  
teann dá fhuirinn eattorra.

18 Fá Ráith lomgháin [?] ar ndul dáibh  
ar mbreith bhuaadh Bhaile Cormáin;  
foghlaidh bó Bhaile Philib,  
mó ar m'aire ná a n-éilighid.

19 Tug Aodh [dob am dá féghain]  
gleó a nGráinsigh an Bhuiltéaraigh;

ón Ráith Mhóir do chruinnigh cion,  
tuillimh ris an gcóir cuirthior.

20 Trí huaire do hairgeadh lais  
Ráith Bhile tar druim dóchais;  
ní toisc ar m'aire nach uil  
a thoisc go Baile Bhaltuir.

21 Ar ua Rémuinn ríomhfuidh sinn.  
ciodh roibheag é dá n-áirmhinn  
a gcomhroghain cáich fá chion,  
Ráith Donnghalaigh cér dhaingion.

22 Rolónt lúsdás lingthior leis,  
as mó ná Máistir Síleis;  
siad a-raon 'na rian madhma  
re triall d'Aodh dá athardha.

23 Baile na Fuinnseóige faoi,  
Baile Riocaird, tuar tromghnaoi;  
caidhe an cion náchar lámhuigh  
mar chion Bhaile an Bhruthmháluigh?

24 A ló marbhtha na ttrí tTadhg  
Domhnach Mór fá réim roard;  
scél do leathadh as dual damh,  
do creachadh uadh 's do hadhnadh.

25 Baile Hobag uair eile,  
cion Choisleáin an Ridire,  
Gráinsioch Mheic Cathais gan chion,  
gleic nár rathais do-rinneadh.

26 Baile Dáibhídh Fionnóg fuair  
a chreachadh ón chaoir tromshluaigh;  
cur ina leith gur thuill tnúdh  
fán gcreich do bhuing do Bhultún.

27 Baile Shiomainn re cois cháigh  
ar díoth cruith is Cill Faoláin,  
[is] Béal an Tuair fár thúir bhlaidh  
mur gach cúil uaidh gan éanbhoin.

28 Baile Átha Dhá Thí tug  
's an Ráith Dhubh fá neart námhad;  
Ros Breannuibh gan bhuaibh do-bheir.  
buaidh n-eallaidh ar an Aoidh-sein.

29 Master Dáibhídh a láimh leis,

Masteir Hairbhídh ón aoinghreis,  
faghail Mhorchadh dá thaobh tig,  
ar Aodh do chonfadh cuirid.

30 Baile ríoghCaisléin Rébáin,  
an chion níorbh í a éinédáil;  
téid luadh fá gcoimhshín do chlú  
ón Doirín Ruadh do ríoghcrú.

31 Cill Beara ad dhiaidh a ndíoth cruídh  
's an Baile Nua a mbíodh Bulbhaigh;  
ní tais téighe ón dá bhaile,  
Glais Éile 's an Urnaidhe.

32 Cill Daingin, Baile Bhaltair,  
mór aige dá n-iomarcaidh;  
dearbhtar scéla dhún ón druing  
ar Dhún Éna 's ar Eóchuill.

33 An tSheanroilig dleaghair dhíom  
is Ráth Muc, móide m'imshníomh;  
Baile Ghaidhdiún, [fa] gníomh neirt,  
ar ríogh na n-airdiúl n-oirdheirc.

34 Gráinsíoch Uinsir airgthior libh,  
Cill Mhunna as a cruth cuirthir;  
scél dob fháth iomráidh oruibh,  
Ráth lomgháin do adhnabhair.

35 Cluain Bolg is an Bóthar Cuill  
do hairgíodh re hua Rémainn;  
ar bhean d'Fhíodh Cuilinn do chrodh,  
cion ní chuirim 'na chomhar.

36 An Loilghíoch Mhór [níor bhó bhliocht]  
is Cill Choc uaidh a n-ainríocht,  
tráth dún dá neimhcheilt a-niugh,  
fá Dhún Feircheirt ag filleadh.

37 Ocht mbaile dhég mhaoídhfe mé,  
do loisc am Chaisléan Cairbre;  
siad dá thaobh ar díoth daoine,  
fríoth le hAodh a n-iolmhaoine.

38 Mainistir oirdheirc Fheóruis  
do chreach do dhruim deigheóluis;  
fá Chluain Ioraird mar do fhill  
do mhionairg re huair n-aithghirr.

39 Droichead Seanghamhnuighe ar seól  
níor léig Aodh, damhna doinndeór;  
briseadh oirdhreic Achaidh Bó,  
coinghlic dob fhachain iarghnó.

40 Gabhtar leis [lór do phudhoir]  
inghean chinn Ó gConchubhair;  
sí lé tóir uadh ní aghar,  
tuar ar mbróin do bheathughadh.

41 Marbh an Chalbhuigh Í Mhaoil Mhuaidh  
Fir Ceall dá dhruim fá dhiombuaidh;  
ní fhoghaim mh'aire don toisc,  
Baile Cobhainn do chreachloisg.

42 Maidhm chródha Cille hEision  
tug Aodh mar do haithrisíodh;  
lór dár seóladh ar dhéir nduinn  
an leóghan do fhréimh Raghnuill.

43 Ré cois bhó an Bholgáin Riabhuigh  
Aodh 'na fhíorchoin airdfhiadhuigh;  
tug an chreich ón Bhuaile Bhán  
ar mbreith buaidhe ar an mBolgán.

44 Saighir Bheag 's an Bealach Mór,  
téid a ríomh dhúinn ar dhobhrón;  
iomdha 'na gceann do cheanuibh,  
Ceall Fhiodhna do airgiobhair.

45 Cuid dá bheartaibh Baile Dubh,  
an comharba do creachadh;  
's Eanaigh Truim dhóibh gér dhoiligh,  
tar thóir an fhuinn Osraighigh.

46 Cion ó Phailís I Mhaoil Mhuaidh  
táinig lé dírim deaghshluaigh;  
mar aon 's ón Bhearna Bhuidhe  
do thaobh fheadhma ar nAodhui-ne.

47 D'Fhearaibh Ceall ní dheachaidh de  
ardBhaile Átha Buidhe;  
ón Chnoc Leathchaoch ní tearc tug  
gur dheaghthraoth neart a námhad.

48 Mullach Cruacháin, cuid dá stair,  
ar mhac mheic Rémainn ríomhthair;  
maoite ar an bhfíodh cnuais ór chin  
an cion do ghluais ón Ghráinsigh.

49 Aonlá oile fá bhfuair troid  
fá chion Cheapuighe an Argoid;  
ag sin lá cáigh do chreachár,  
lá do-cháidh fá Chuilteachán.

50 Go Lios na bhFíodh tarla a ttriall  
ar mbéin fá Bhaile Uilliam;  
Baile Eireóil 'na n-ucht sin,  
lucht an deigheóil do dhéinimh.

51 Hagastún mar an gCaill Mhóir,  
Baile an Chúisd [cúis dobróin],  
Teagh Calma gan bhú do-bheir,  
fá chlú tarla don toisc-sein.

52 Innse na Lathach do ling,  
taom in tShliomháin sgél sgaoilim;  
an Aill mar do fréoth a fail,   
do chaill a dhíoth ré a díoghluim.

53 Baile Aodha 's an Eidhníoch  
ó Aodh na ruag roineimhíoch,  
tug mh'aire ar doinndéir ód dhul,  
mur Bhaile Í Choilléin creachthur.

54 A bhladh dá bhrígh do mhédaigh  
cion Cillín an Phluingcéduigh;  
lón do bhadhbhaibh do-bheir sé;  
do mhadhmaigh sein an suithré.

55 Ráith Bhrighde is Baile Mhaine  
ort níorbh fhéidir d'ionghaire;  
tóir fán gcreich níor fhill oruibh,  
go Cinn Eich níor anabhair.

56 Dún Luadháin mur luaitear liom,  
ní fhúigfe mé ná an Muilíonn;  
sluagh Branach ónar dháich dul,  
fá Ráith Salach do seóladh.

57 Ealta laoch cruinnighthe cion  
ar mbuain fá Bhuaile Fraidhion,  
don chuairt tug fán Tor Neanta  
a gcrodh rug an ríghalta.

58 Siad ar-aon a n-easbhaidh cruídh,  
Dún Ard is Baile an Bhlácaigh;  
ar Bhaile Húc do haithneadh,

an baile fút fágaibhthear.

59 An Ghráinsíoch Mhór maoidhim air,  
Baile Í Chochláin, céim deacair;  
ó Mhagh Nuad cuiridh a chrodh  
lé buidhin na ruag rathmhar.

60 A ríomh ar-aon ar mh'aire,  
Seanchonnáil 's an Seanbhaile;  
buain a bhuaire don Bhaile Mhór,  
an baile uaidh ar anshódh.

61 Baile Hanrí nár thearc tréd  
do chreach is Baile Bhuiréd;  
Baile Fuinnsi [ca mó mairg?]  
fá thuisirí ón ló do lomaireg.

62 Baile Nua na Móna a-mháin,  
nó an Mhóin Fhionn níorbh í h'éadáil;  
níor shaor cách ann ar t'fhoghar,  
go Bláth Gall do ghabhabhar.

63 Níor bheag libh díoth an dúnaidh,  
tú i tTobar an Tutúnaigh;  
Teagh Goiréd gan comhdha gcruidh,  
roimhéd t'fhoghla do fhágaibh.

64 Baile Trí gCaislén gan chion  
mur Chill tShíle uaidh airgthior;  
rét shlógh níor dháich a deadhail  
an Ráith Mhór gur mhilleabhair.

65 Baile Émainn Tiobar tug  
ar díoth cruidh [níor chuairt charad];  
Cúirt an Easpuig gan dol de,  
measgaid a gcrodh tre chéile.

66 Caislén Nua Liamhain is lith,  
Caislén Bharruin [beart shuaithnidh],  
beag dá bhfoil d'agra oruibh  
ó Thoigh Thagra a ttugabhair.

67 Crodh Rátha Cúil is Cille,  
a mheic dhuasbhulg Duirinne,  
níor dheadhail ré dol a ttrén,  
bearair crodh an dá chaislén.

68 A bhreith as breith gan árach,  
buar Bhaile na gColmánach;

mór liom a n-uil ar mh'aire  
a gcionn cruidh an Chorrbaile.

69 Dul ót sheilg fá doiligh dháibh  
Croimlinn is Cill an Ardáin;  
táinig dot fheirg d'adhaint ort,  
seilg do thabhairt ó Thamhlacht.

70 Beirthior leis a ló oile  
ba Bhuaile na Scornuighe;  
Ráith Crédáin do bhí gan bhoin  
cémadh édáigh í d'argoin.

71 Fada dá bhrígh go brónach  
do bhí an Bhuaile Mheadhónach;  
Cill na nInghion níor dhíon dí  
ón líon do hinnleadh uirri.

72 Baile Scallart [scél gan cheilt]  
's an Chraobhach fa céim oirdheirc;  
Cill Mo Chíodhghóg níor chluain chruidh  
uaidh don ríoghród dá rochtain.

73 Fá mhaidhm Bhaile Formont fríoth  
clú lé hAodh ar fhud coigcríoch;  
breith bó Baile na Coille  
a gcló [a] raibhe romhainne.

74 Sluagh síth do-chuaidh fá Chonach,  
Reabóg uaidh dob easbhadhach;  
an sluagh ré Seinchill do dhruid,  
fá shluagh neimhthim ré a námhuid.

75 Feirg na foirne do dhúisigh  
buar Bhaile Mhic Cuarúsigh;  
Muillionn an Stealláin 'na stair,  
fuirionn na tteannáil ttachair.

76 Tig riú, measaide a móide,  
Corcach is Cill Beagóige,  
's Cill Tighiornáin don taobh thoir,  
Aodh dob iniomráidh uathuibh.

77 Le Raghnaillchuibh na ruag mear  
Baile an Locháin do loisgeadh;  
reic a ngníomh a nGleann Chuilinn  
bíodh a gceann a gcuartuighim.

78 An Fásach Ruadh, Ráith an Dúin,



siad d'argain dob fháth iomthnúidh;  
fir ré cradh cáich do theagar,  
fá Ráith Gar do ghluaisiodar.

79 Mar Chill Eisdh [níor thaom tais]  
Baile an Chinn Léith do chreachais;  
ar dóigh seilge leantur libh  
go Teampal Deilgne ar ndéinimh.

80 Baile Higín am cheann gcruidh  
mar Chill Mhantáin libh lomthair;  
Baile na Cairrge, Ceall Diagh,  
geall na hairgne lét aimhriar.

81 Sgéala ar a bhfuilid fiadhain  
mar bhú Bhaile an Choiniamaigh;  
cion Buailéadh na Coille cruinn  
ag sluaigheadh chloinne Criomhthainn.

82 A mBaile na bhFuinnseóg fuair  
cion trom fár thriall ar daghuair;  
lá fá Chúil Gréine do ghabh,  
níor chúil spréidhe gan spíonadh.

83 Guirtín an Phearsúin [céim cruaidh]  
do hairgeadh lé caoir cathshluaigh;  
fa chrodh ca héinbheann nár airg?  
go dol fá réidhGhleann Riocaird.

84 Baile na Coille ar n-a chur  
's na Tuatha uaidh a n-amhghur;  
Baile Meic Cairbre gan chion,  
na hairgne dheit do dúisgiodh.

85 Baile Í Chuicle siorthar soin  
's an Uaidhneach uaibh gan énbhoin;  
lá a millte ó chogar do chuir  
's a pobal impe dh'arguin.

86 Maidhm an Bhearnchladha as céim cáis  
maidhm an Mhóintigh 's an Bhriotáis,  
trí madhmanna ar ar cóir cion,  
cóir a n-anmanna d'áiriamh.

87 Maidhm do-chuaidh ar deightheisd dó  
maidhm oirdheirc Átha Seanbhó;  
fada do-chóidh ainm ón fhior  
dár chóir an mhaidhm do mhaoidhiomh

88 Dod chaithréim cuimhneócha sinn  
Tadhg Óg mhac Taidhg do thuitim;  
an t-écht ar gcur do chlú a bhfad,  
a-nú gan dul ar dearmad.